Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8235/25**

**JAI 491**
**SCHENGEN 22**
**SCH-EVAL 25**
**FRONT 95**
**IXIM 79**
**MIGR 145**
**ASILE 34**
**ENFOPOL 121**
**COMIX 121**
**CORDROGUE 45**
**VISA 60**
***IS***
***LI***
***NO***
***CH***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 185 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Tuarascáil ar Staid Schengen 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 185 final.

Faoi iamh: COM(2025) 185 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2025
COM(2025) 185 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuarascáil ar Staid Schengen 2025**

GA

GA

# Tuarascáil ar Staid Schengen 2025

***40 bliain ó bunaíodh Schengen***

## 1. Schengen mar shócmhainn straitéiseach

Le Comhaontú Schengen, a síníodh an 14 Meitheamh 1985, cuireadh tús le **ré nua don chomhar straitéiseach agus do lánpháirtiú níos doimhne a bhí dírithe ar shaoirse agus ar shlándáil a mhuintire.** Fís a bhí simplí ach domhain ba bhonn leis: Eoraip a thógáil ina bhféadfadh saoránaigh dul thar theorainneacha inmheánacha gan bacainní a bheith rompu, agus ar an gcaoi sin fás eacnamaíoch, malartú cultúrtha agus comhtháthú sóisialta a chothú, agus an tslándáil chomhchoiteann a fheabhsú an tráth céanna.

Tráth cinniúnach sa phróiseas chun **Eoraip aontaithe – Eoraip ar son a muintire** – a thógáil ab ea bunú limistéar Schengen.[1] Le Comhaontú Schengen, cuireadh tairbhí nithiúla ar fáil, sna réigiúin teorann ar dtús, réigiúin atá i gcroílár phróiseas lánpháirtithe na hEorpa, agus ansin leathnaíodh na tairbhí sin ar fud na mór-roinne. De réir mar a tháinig forbairt ar thionscadal Schengen, bhí níos mó i gceist leis ná comhaontú amháin chun deireadh a chur le rialuithe teorann. Le himeacht na blianta, tá Schengen tagtha chun bheith ina chóras athléimneach, ilghnéitheach, atá bunaithe **ar bhainistiú éifeachtach teorainneacha seachtracha, ar rialacha comhchoiteanna maidir le víosaí, filleadh agus comhar póilíneachta**, ar dhlúthchomhordú idir údaráis náisiúnta agus ar chomhar idirnáisiúnta níos dlúithe. Agus é comhtháite go hiomlán i gcreat an Aontais, tá borradh faoi i dtaobh ballraíochta agus uaillmhéine araon, agus is siombail é de dhúthracht na hEorpa i leith na haontachta, na saoirse agus na slándála.

Dhá scór bliain tar éis a bhunaithe, tá i bhfad níos mó i gceist le Schengen ná siombail soghluaisteachta amháin: is bealach é chun feabhas a chur ar shaol na saoránach, chun gnó a éascú agus chun seasamh domhanda a fheabhsú. Sa lá atá inniu ann, is é Schengen an bonn atá faoi Eoraip níos láidre agus níos sábháilte, rud a éascaíonn an saol laethúil do níos mó ná 450 milliún Eorpach. **Is tionscadal é Schengen a ceapadh chun leas na ndaoine** agus atá tagtha chun bheith **ina shócmhainn straitéiseach de chuid an Aontais** freisin, ar thrí bhealach.

Ar an gcéad dul síos, toisc gur cumasóir riachtanach don Mhargadh Aonair é, tá limistéar Schengen ina **spreagadh ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch, don iomaíochas agus do cheannasacht eacnamaíoch na hEorpa**. I gcomhthéacs ina bhfuil an domhan ag éirí níos luainí agus ina bhfuil teannas geopholaitiúil agus iomaíocht gheo-eacnamaíoch ag teacht chun cinn an athuair, ní mór timpeallacht atá saor ó bhacainní a bheith ag geilleagar na hEorpa chun

[1] Conclúidí na hUachtaránachta ón gCruinniú den Chomhairle Eorpach in Fontainebleau, Meitheamh 1984, 1984_June_-_fontainebleau__eng_.pdf.

go mbeidh rath air agus gur lú a spleáchas ar chúinsí seachtracha. Neartaíonn limistéar Schengen ár n-athléimneacht chomhchoiteann trí thacú le saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine. Tá ról criticiúil aige maidir le slabhraí soláthair a choinneáil ar bun agus a neartú ar fud na hEorpa agus maidir leis an Margadh Aonair a chomhdhlúthú, mar a leagtar béim air i dtuarascáil Letta[2].

Ar an dara dul síos, is é Schengen **an fhreagairt is láidre atá ag an Aontas ar na dúshláin a bhaineann le domhan inarb amhlaidh nach bhfuil bagairtí teoranta do theorainneacha náisiúnta a thuilleadh.** Fágann sé go gcuirtear ar ár gcumas dúinn leas a bhaint as ár saineolas comhchoiteann agus as ár n-acmhainní comhchoiteanna, rud a chothaíonn creat slándála atá i bhfad níos láidre agus níos éifeachtaí ná na córais náisiúnta aonair trí chéile. Faoi Schengen, soláthraítear foireann uirlisí, acmhainní comhchoiteanna agus cumas a bhfuil gá leo chun dul i ngleic le bagairtí casta, trasnáisiúnta an lae inniu ar an tsaoirse agus ar an tslándáil. Ní féidir le náisiúin aonair aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na bagairtí sin, bídís ina mbagairtí ó líonraí coiriúla eagraithe nó ó ghníomhaithe naimhdeacha stáit nó neamhstáit. I dtírdhreach geopholaitiúil agus tírdhreach slándála an lae inniu, ní hamháin gur tairbhe é Schengen, ach tá gá leis freisin.

Ar an tríú dul síos, nuair a fhéachann gníomhaithe naimhdeacha leis an Eoraip a lagú agus a ilroinnt, **is fórsa aontachta é Schengen, rud a thugann muintir na hEorpa níos gaire dá chéile.** Cothaítear aontacht de bharr Chomhaontú Schengen agus cuirtear le féiniúlacht Eorpach inbhraite, chomhroinnte. Is cosaint pholaitiúil é, atá leabaithe go domhain, i gcoinne iarrachtaí deighilt agus mímhuinín a chothú i measc mhuintir na hEorpa.

Ionas go mbeidh daoine in ann na cearta agus na saoirsí a eascraíonn as *acquis* Schengen a theachtadh go hiomlán, tá muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit ríthábhachtach, agus braitheann an mhuinín sin ar chur chun feidhme éifeachtach na rialacha arna gcomhaontú. Ní mór cloí go docht le caighdeáin choiteanna chun dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach, chun cur i gcoinne na coireachta eagraithe agus na sceimhlitheoireachta, agus chun an smuigleáil a chomhrac, agus cosaint leordhóthanach do chearta bunúsacha á háirithiú an tráth céanna. Tá sásraí forfheidhmithe éifeachtacha agus iarracht chomhordaithe ar gach leibhéal fíor-riachtanach le haghaidh comhar inbhuanaithe i measc na mBallstát.

Anois, díreach mar a bhí amhlaidh in 1985, tá sé in am ár muinín sa tionscadal seo a athdhearbhú arís, agus muid á aithint go bhfuilimid ag tráth cinniúnach eile inár n-iarracht leanúnach chun Eoraip láidir, aontaithe a choinneáil ar bun agus a chomhdhlúthú. **Ní mór athnuachan leanúnach a dhéanamh ar shócmhainn straitéiseach agus infheistíocht leanúnach a dhéanamh inti**, lena n-áirítear ar an leibhéal polaitiúil, ar an leibhéal beartais agus ar an leibhéal rialála, chomh maith leis an leibhéal oibríochtúil.

---

[2] *Much more than a market – Speed, Security, Solidarity. Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens* [I bhfad níos mó ná margadh – Luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht. Cumhachtú an Mhargaidh Aonair ionas go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ag saoránaigh uile an Aontais agus go mbeidh rath orthu], Enrico Letta – Aibreán 2024. Enrico Letta, Much more than a market [I bhfad níos mó ná margadh] (Aibreán 2024).

**Infheistíocht a dhéanamh in Schengen mar shócmhainn straitéiseach: rialachas polaitiúil agus creat rialála limistéar Schengen a chur chun cinn**

Cuimsítear le creat rialachais Schengen sraith rialacha coiteanna agus córas institiúidí agus nósanna imeachta lena gcumhdaítear na beartais agus na bearta uile is bonn le limistéar Schengen dea-fheidhmiúil. Áirithíonn sé go bhfeidhmíonn an limistéar go rianúil agus i gcomhréir le cuspóirí beartais atá bunaithe ar phrionsabail na freagrachta comhroinnte, na muiníne frithpháirtí agus an fhaireacháin ar na rialacha arna gcomhaontú. Tá sé bunaithe ar dhlúthchomhordú idir na húdaráis uile agus ar dhlúthchomhar idir na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais.

Le linn Thimthriall Schengen 2024-2025, sholáthair Baraiméadar Schengen+ forléargas tráthrialta ar na príomhthosca a bhfuil tionchar acu ar limistéar Schengen, rud a neartaíonn **anailís staide Schengen**. Leis an bhfaisnéis sin, cuirtear feabhas ar ullmhacht agus ar fhorbairt beartais, maidir le gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac agus maidir le víosaí agus filleadh, mar shampla. D’eagraigh an Coimisiún agus Uachtaránacht na Beilge ceardlann i gcomhar le tíortha Schengen agus le Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile in 2024, lenar cuireadh i dtábhacht an gá atá le hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú, sainiú na bpríomhtháscairí a ailíniú agus uasmhéadú a dhéanamh ar úsáid uirlisí eile amhail EUROSUR le haghaidh malartú faisnéise. Beidh ocht gconclúid oibríochtúla ann, lena n-áirítear creataí tuairiscithe a mhapáil agus bearnaí sonraí sonracha a réiteach, lena gcuirfear cruth ar thimthriall Schengen 2025-2026. Cuirfear feabhas ar an mBaraiméadar+ dá bharr sin, agus beachtófar é ionas gur uirlis níos spriocdhírithe agus níos éifeachtaí a bheidh ann le haghaidh rialachas níos fearr.

Rinneadh dul chun cinn freisin le linn Uachtaránacht na Beilge chun creat coiteann a chruthú le haghaidh comhordú méadaithe, mar a mhol[3] an Coimisiún in 2024. Bunaíodh **Cruinniú d’Oifigigh Shinsearacha Schengen** mar fhóram chun dul i ngleic le hábhair leasa choitinn agus chun plé a ullmhú do Chomhairle Schengen. Díríodh sa chéad chruinniú ar rialachas, ar chomhleanúnachas dlíthiúil agus ar mhéadú. Ag an dara cruinniú a tionóladh faoi Uachtaránacht na hUngáire, leagadh béim ar an gcomhar réigiúnach mar rogha nithiúil eile in ionad rialuithe teorann inmheánaí, lena neartaítear bainistiú teorainneacha seachtracha agus an comhar le tríú tíortha. Leanfaidh an fhormáid sin de ról lárnach a bheith aici maidir le tacú le comhordú beartais.

[3] COM/2024/173 final.

Tá athrú mór ag teacht ar an tírdhreach polaitiúil domhanda, rud a chruthaíonn **dúshláin oibríochtúla agus deiseanna** araon. Dá ndéanfaí limistéar Schengen a dhoimhniú agus a leathnú, neartófaí ár neart comhchoiteann chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Tá gá le hathchalabrú straitéiseach a dhéanamh ar chur chun feidhme na rialacha agus le hinfheistíocht mhéadaithe i réimsí ina bhfuil an tionchar fadtéarmach is mó de dhíth, ag tosú **go seachtrach** le beartas láidir víosaí agus le rannpháirtíocht níos dlúithe le tríú tíortha. An tráth céanna, ní mór dúinn **ár dteorainneacha seachtracha** a bhainistiú go héifeachtach agus ár n-acmhainní, ár dtrealamh agus ár dteicneolaíocht a dhíriú ar an tslándáil a mhéadú. Leis sin, cruthófar an spás le haghaidh **comhar níos doimhne laistigh de limistéar Schengen** chun borradh a chur faoin ngníomhaíocht chomhchoiteann agus, an tráth céanna, comhtháthú níos fearr a chothú i measc na ndaoine. I ndeireadh na dála, ní bailiúchán codanna scoite é limistéar Schengen, ach córas comhtháite ina n-oibríonn na codanna uile le chéile chun tacú lenár spriocanna coiteanna agus chun ár n-athléimneacht chomhchoiteann a threisiú.

Tá treisiú déanta ar **ról faireacháin** an Choimisiúin. Agus é ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas, leanfaidh an Coimisiún de lánúsáid a bhaint as cuairteanna fíorúcháin, athchuairteanna, cuairteanna gan réamhfhógra agus uirlisí forfheidhmiúcháin eile atá ar fáil dó. Ina theannta sin, ní mór do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do chistiú ón Aontas chun dul i ngleic leis na leochaileachtaí a shainaithnítear i meastóireachtaí Schengen agus i measúnuithe leochaileachta Frontex. Dá bhrí sin, is tosaíocht é a áirithiú go mbeidh cistí an Aontais nasctha go straitéiseach leis na hathchóirithe is gá.

**Infheistíocht a dhéanamh in Schengen mar shócmhainn straitéiseach: gníomhaíocht oibríochtúil**

Toisc gurb é **sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen** an phríomheilimint rialachais, is ar a bhonn a shainaithnítear easnaimh agus réimsí le feabhsú sula gcuirtear sláine an chórais i mbaol dá ndeasca, agus áirithítear leis go mbaintear amach an chothromaíocht cheart idir bearta chun aon bhearnaí a dhúnadh. Tá muinín fhrithpháirteach i gcroílár Schengen, agus cuirtear an mhuinín sin i ngníomh tríd an sásra meastóireachta. Ní hamháin go n-áirithíonn tíortha Schengen go n-oibríonn a gcórais go héifeachtach ach tacaíonn siad go gníomhach lena chéile freisin, ag aithint dóibh go mbíonn tionchar ag rath (agus teipeanna) tíre amháin ar chobhsaíocht agus slándáil limistéar Schengen ina iomláine.

In 2024, chuir an Coimisiún chun feidhme an clár meastóireachta bliantúil as ar eascair tuarascálacha tíre Schengen i leith na Cróite, na Polainne, na hUngáire, na Seicia agus na Slóvaice. Rinne an Coimisiún faireachán freisin ar chur chun feidhme na mbeart feabhais a thuairiscigh an Ghréig, Éire agus an Danmhairg. Tugadh cuairteanna gan réamhfhógra ar chonsalachtaí Mumbai na hIndia, na Gearmáine, na Polainne agus na Spáinne i mí Feabhra 2024. Níl ach líon teoranta easnaimh thromchúiseacha fós gan réiteach ó bhí an timthriall meastóireachta roimhe sin ann agus tá líon mór saincheisteanna leanúnacha ann fós nach mór aghaidh a thabhairt orthu.

Tá tuilleadh sonraí in **Iarscríbhinn 1** maidir le cur chun feidhme na meastóireachta ar ghníomhaíochtaí faireacháin agus soláthraítear in **Iarscríbhinn 2** coimre an dea-chleachtais a sainaithníodh i meastóireachtaí Schengen a rinneadh le déanaí.

## 2. Cnámh droma pholaitiúil Schengen: creat rialachais coiteann, láidir

Is é an túsphointe chun dul i ngleic leis na hathruithe geopholaitiúla agus leis na himpleachtaí don tsaoirse agus don tslándáil athghealltanas a thabhairt i ndáil le dhá bhunphrionsabal: **freagracht chomhroinnte agus muinín fhrithpháirteach.** Freagracht chomhroinnte as seasamh le cearta agus sláine gach duine ar fud limistéar Schengen. Muinín fhrithpháirteach i measc thíortha Schengen go ndéantar gach cuid de chóras Schengen a bhainistiú ar bhealach inniúil, éifeachtach i gcomhréir le hardchaighdeáin choiteanna.

Cuirtear i dtábhacht i Scórchlár Schengen 2024 neamhshiméadrachtaí i ndáil le cur chun feidhme príomhcheanglais de chuid Schengen. Níor cuireadh chun feidhme go fóill thart ar 65 % de na moltaí a eisíodh faoi shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen. Gabhann iarmhairtí oibríochtúla tábhachtacha le heasnaimh leanúnacha.

Ní mór **gníomhaíocht chinntitheach** ar an leibhéal polaitiúil agus ar an leibhéal oibríochtúil araon a bheith ina taca le gníomhaíocht pholaitiúil chun an gealltanas i leith freagracht chomhroinnte agus muinín fhrithpháirteach a athnuachan, lena áirithiú go gcuirfear rialacha Schengen chun feidhme go pras agus go héifeachtach. Chuige sin, tá gá le creat láidir rialachais Schengen lena ngabhann maoirseacht pholaitiúil, comhordú agus cuntasacht láidir.

Le bliain anuas, rinneadh dul chun cinn maidir leis **an gcreat rialachais a neartú**, rud a bhí ina phríomhthosaíocht i dTimthriall Schengen 2024-2025. Go háirithe, le huirlisí feabhsaithe an Choimisiúin, lena n-áirítear Baraiméadar Schengen+ agus Scórchlár Schengen, cuidíodh le comhthuiscint a chothú, i measc thíortha Schengen, ar phríomh-shaincheisteanna a éilíonn gníomhaíocht chomhpháirteach, aon bhearna sa chur chun feidhme a shainaithint agus an bhearna idir na leibhéil theicniúla agus na leibhéil pholaitiúla a dhúnadh. Leis sin, bhíothas in ann cur chuige níos straitéisí a ghlacadh maidir le gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin Schengen a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh ina leith.

D’fhéadfadh deiseanna nua a bheith le tapú chun comhordú agus faireachán polaitiúil a ghiaráil go hiomlán. Is í Comhairle Schengen, bunaithe ar an gCoiste Measctha a bunaíodh faoi Chomhaontuithe Comhlachaithe Schengen, atá freagrach as treoir straitéiseach a sholáthar maidir leis na beartais a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiú Schengen. Mar chomhlánú ar bhunú na Comhairle Gnóthaí Baile, is é is aidhm do Chomhairle Schengen timpeallacht oscailte a chothú le haghaidh dlúth-idirphlé beartais idir cinnteoirí limistéar Schengen.

Lena áirithiú go n-éireoidh leis an gcreat rialachais i ndáiríre, is gá tuiscint dhomhain a chothú ar na deacrachtaí ar an láthair, grinnscrúdú ar leochaileachtaí agus easnaimh leanúnacha a fheabhsú agus freagracht chomhchoiteann níos mó a ghlacadh as réitigh éifeachtacha. Tá gá le comhar, gníomhaíocht chinntitheach agus bearta sonracha chun easnaimh leanúnacha a shárú agus chun sláine na rialacha arna gcomhaontú go comhchoiteann a chaomhnú.

Le **Timthriall Schengen 2025-2026**, ba cheart tús áite a thabhairt do chomhordú comhtháite beartais agus do chinnteoireacht maidir leis na saincheisteanna uile a bhfuil tionchar straitéiseach acu ar an tsaoirse agus ar an tslándáil i limistéar gan teorainneacha inmheánacha trí **leas iomlán a bhaint as acmhainneacht Chomhairle Schengen.**

- Tacóidh an Coimisiún le hiarrachtaí an mhaoirseacht pholaitiúil a dhéanann Comhairle Schengen a neartú a thuilleadh, d'fhonn gníomhaíocht níos comhordaithe a áirithiú i measc na mBallstát maidir le saincheisteanna a bhfuil tionchar díreach acu ar fheidhmiú Schengen agus chun plé ar dhúshláin choiteanna a éascú.
- Is féidir bainistiú laethúil limistéar Schengen a fheabhsú trí uirlisí coiteanna a neartú a thuilleadh chun leochaileachtaí laistigh de limistéar Schengen a bhrath agus freagairt dóibh go tapa agus go héifeachtach. Forbróidh an Coimisiún Scórchlár comhiomlánaithe Schengen chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do Chomhairle Schengen i dtaobh príomhthosaíochtaí a shainaithint chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí agus gníomhaíocht ghasta a dhéanamh chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a mhaolú.

Tá an Coimisiún réidh chun dul ag obair leis an Uachtaránacht atá ann faoi láthair agus leis an Uachtaránacht a bheidh ag teacht ina diaidh chun na spriocanna sin a bhaint amach faoi chuimsiú Thosaíocht 1 do thimthriall Schengen 2025-2026, mar a leagtar amach i Roinn 5.

Ba cheart a áireamh san obair a dhéanfar i dtimthriall Schengen 2025-2026 gníomhaíocht chun **córais rialachais náisiúnta Schengen** a neartú i dtíortha Schengen agus i dtíortha is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas araon. Eagróidh an Coimisiún sraith ceardlann chun caighdeáin íosta a chomhaontú ionas gur féidir le Stáit Schengen córas Schengen a chur chun feidhme go hiomlán trí struchtúir éifeachtacha pholaitiúla agus riaracháin. Cuirfidh an obair sin leis na forbairtí fairsinge agus a struchtúir rialachais a bunaíodh faoi chuimsiú Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip. Leis an gcur chuige sin, tabharfar le chéile na húdaráis ábhartha uile.

Mar a tuairiscíodh i meastóireachtaí Schengen, agus an Coimisiún ag baint leas as a thaithí féin, iarrann sé ar thíortha uile Schengen comhordaitheoir náisiúnta a ainmniú chun maoirseacht a dhéanamh ar na saincheisteanna uile a bhfuil tionchar acu ar fheidhmiú Schengen, lena n-áiritheofar leithdháileadh soiléir freagrachtaí i measc na n-údarás uile lena mbaineann.

De réir na hoibre leantaí **ar mheastóireacht théamach 2019-2020 ar straitéisí náisiúnta na mBallstát maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha**[4], tá tús curtha ag gach tír Schengen le próisis náisiúnta chun a straitéisí a athbhreithniú. Ag deireadh 2024, bhí 12 thír Schengen ann a ghlac na straitéisí athbhreithnithe go foirmiúil agus bhí ocht dtír Schengen i mbun a nglactha. Tá feabhsuithe móra le sonrú sna torthaí, lena n-áirítear creataí rialachais níos láidre agus comhtháthú níos fearr ar nósanna imeachta um fhilleadh i straitéisí náisiúnta. Léirigh

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 17.12.2020 lena mbunaítear tuarascáil na meastóireachta téamaí 2019-2020 ar straitéisí náisiúnta na mBallstát maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha. C(2020) 8000 final.

formhór thíortha Schengen go ndearnadh dul chun cinn maidir lena straitéisí a ailíniú le tosaíochtaí an Aontais, rud a léiríonn an dul chun cinn i dtaobh anailís riosca, feasacht staide agus comhar leis an Aontas.

Tá bearnaí móra fós ann, áfach, i dtaobh pleanáil acmhainní daonna, comhordú idirghníomhaireachta agus socruithe airgeadais. Níor éirigh ach le líon beag tíortha Schengen a straitéisí a nascadh le pleananna gníomhaíochta, le hanailísí ar riachtanais agus le creataí cistiúcháin. Ní dhéantar forálacha sonracha maidir le coimircí agus oiliúint i ndáil le cearta bunúsacha a chomhtháthú go hiomlán fós sna straitéisí náisiúnta. An tráth céanna, ní mór oibleagáidí a bhaineann leis an nós imeachta um scagadh a bhunaítear sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chomhtháthú agus a ailíniú go héifeachtach leis an mórchóras um bainistiú comhtháite teorainneacha. Ach infheistíocht a dhéanamh sa chóras rialachais i leith Bainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip, soláthrófar bonn láidir chun creataí láidre náisiúnta rialachais Schengen a thógáil.

## 3. An chnámh droma beartais agus rialála: Schengen níos leithne agus níos doimhne

### 3.1. Limistéar Schengen níos leithne

Le 40 bliain anuas, tá Schengen tagtha chun cinn ó bheith ina thionscnamh réigiúnach i measc roinnt bheag Ballstát den Aontas ionas gur tionscadal Eorpach i ndáiríre anois é[5]. Leathnaíodh limistéar Schengen naoi n-uaire ionas go bhfuil sé anois ar an limistéar saorghluaiseachta is mó ar domhan gan rialuithe teorann inmheánaí.

Rinneadh **an Bhulgáir** agus **an Rómáin** a lánpháirtiú go hiomlán i limistéar Schengen an 1 Eanáir 2025. Leis an gcinneadh ón gComhairle an 12 Nollaig 2024[6], tar éis an chinnidh uaithi an 30 Nollaig 2023[7] maidir leis an ábhar céanna, tugadh próiseas 18 mbliana chun críche ó rinneadh Stáit Schengen den dá thír sin tar éis a n-aontachais leis an Aontas. Trí bheith lánpháirteach i limistéar Schengen, meastar go sábhálfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na billiúin euro ós rud é, agus teorainneacha inmheánacha fós i bhfeidhm, gur measadh go n-íocfadh cuideachtaí a fheidhmíonn sa dá thír sin na billiúin euro in aghaidh na bliana de dheasca costais lóistíochta mhéadaithe, moilleanna a mbeadh tionchar acu ar sheachadadh earraí agus trealaimh, agus costais mhéadaithe i ndáil le breosla agus tiománaithe[8].

---

5 Tá feidhm i ndáil le 30 tír ag Prótacal 19 a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh. Cuireadh deireadh le rialuithe teorann inmheánaí idir 29 dtír rannpháirteacha.

6 Cinneadh (AE) 2024/3212 ón gComhairle an 12 Nollaig 2024 lena socraítear an dáta chun deireadh a chur le seiceálacha ar dhaoine ag teorainneacha inmheánacha talún leis an mBulgáir agus leis an Rómáin agus idir an dá thír sin (IO L 3212, 23.12.2024).

7 Cinneadh ón gComhairle (AE) 2024/210 an 30 Nollaig 2023 maidir le forálacha *acquis* Schengen a chur i bhfeidhm go hiomlán i bPoblacht na Bulgáire agus sa Rómáin (IO L, 210, 4.1.2024).

8 Costas tíortha nach bhfuil i limistéar Schengen don mhargadh aonair — tionchar ar an mBulgáir agus ar an Rómáin, tuarascáil féintionscnaimh, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, INT 1046, 4.12.2024.

Tá **an Chipir** ag obair chun moltaí Schengen a chur chun feidhme[9] agus tá an chéad mheastóireacht Schengen uirthi ar siúl faoi láthair. Tacaíonn an Coimisiún leis an gCipir sa phróiseas atá ar bun aici chun comhtháthú níos doimhne i gcóras Schengen a bhaint amach.

Cás ar leith is ea **Éire** i dtaobh a bheith díolmhaithe ó pháirt a ghlacadh i ngach foráil de leabhar rialacha Schengen[10]. I bhfianaise na dtairbhí d'Éirinn agus do limistéar Schengen ina iomláine, agus tar éis don Chomhairle údarú a thabhairt di páirt a ghlacadh i réimsí áirithe[11] amhail Córas Faisnéise Schengen, chomh maith le comhar póilíneachta agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tá obair leantach ar bun faoi láthair maidir leis an meastóireacht Schengen uirthi[12]. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an tuarascáil maidir le meastóireacht Schengen ar Éirinn[13] a eisiúint in 2025. Má bhíonn toradh dearfach air sin, cuirfear ar a cumas don Chomhairle na forálacha sin[14] a chur i bhfeidhm in Éirinn, rud a chuirfidh le comhar Schengen.

Agus **an tAontas ag ullmhú i gcomhair méadú breise**, agus roinnt tíortha is iarrthóirí ag dul chun cinn ina gcaibidlíocht aontachais, beartaítear limistéar Schengen a leathnú chuig na tíortha sin toisc go gceanglaítear orthu glacadh le leabhar rialacha Schengen agus é a chur chun feidhme ó lá a n-aontachais leis an Aontas. Beidh gá le creat nua trédhearcach, éifeachtúil, éifeachtach maidir le ligean isteach i limistéar Schengen chun dul i ngleic leis an gcastacht a bhaineann leis an limistéar sin a leathnú agus chun próiseas lánpháirtithe dea-ullmhaithe a áirithiú. Ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón méadú deireanach ar limistéar Schengen, ní mór próiseas intuartha, cothrom a sholáthar faoin gcreat, ionas go mbeidh tíortha nua in ann tairbhiú de réir a chéile de rannpháirtíocht in Schengen, agus, faoi dheoidh, deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí mar gharsprioc dheiridh.

Leis an bpróiseas sin, ní mór dianfhaireachán a dhéanamh ag gach céim lena áirithiú go gcomhlíonfaidh tíortha nua Schengen na caighdeáin arda a chuireann tíortha atá ann cheana i bhfeidhm i ngach réimse is gá chun deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí faoi dheoidh. Mar chéad chéim, le linn na caibidlíochta aontachais, ní mór do na tíortha sin leanúint de bheith ag obair chun na caighdeáin dhlíthiúla, rialachais agus oibríochtúla is gá a chur i bhfeidhm chun córas Schengen a dhaingniú i gcreat rialachais náisiúnta lánfheidhmiúil faoin uair a thiocfaidh siad isteach san Aontas. Chuige sin, tá gá le hullmhúchán láidir, lena n-áirítear plean

9 Doiciméid ón gComhairle: 5535/21, 10403/22, 12636/21, 12638/21, 12639/21, 11237/24.

10 Airteagail 4 agus 5 de Phrótacal 19 a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh.

11 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen.

12 De bhun Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1745 ón gComhairle, rinneadh cuairteanna meastóireachta a bhaineann le comhar póilíneachta agus le Córas Faisnéise Schengen in 2021 faoin gcéad mheastóireacht Schengen ar Éirinn. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta ag Éirinn, tugadh cuairt fíorúcháin uirthi idir an 25 agus an 29 Samhain 2024 i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Rialachán (AE) 2022/922. Cé gur tugadh faoi deara go ndearnadh dul chun cinn, ní mór d'Éirinn bearta breise a dhéanamh fós chun na bearta feabhais atá ar feitheamh a chur chun feidhme. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta.

13 Lena gcumhdaítear an measúnú a rinne an fhoireann meastóireachta ar an gcur chun feidhme a rinne Éire ar na ceanglais maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, comhar maidir le drugaí agus Airteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen.

14 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen.

gníomhaíochta Schengen a chur chun feidhme, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht 2024 maidir le beartas an Aontais um méadú.[15]

### 3.2. Schengen a dhoimhniú ionas go mbeidh sé oiriúnach don ré dhigiteach

Tá athrú ó bhonn á dhéanamh ag an Aontas faoi láthair ar an gcaoi a n-oibrítear bainistiú teorainneacha, agus é ag aistriú ó sheiceálacha teorann fisiceacha den chuid is mó go dtí córas teorann níos nua-aimseartha agus níos digití. Is gá dlús a chur le **digitiú chreat Schengen** chun feabhas a chur ar an tslándáil do shaoránaigh, teorainneacha seachtracha a neartú, cur leis an gcomhar maidir le forfheidhmiú an dlí, agus taisteal *bona fide* chuig limistéar Schengen agus an tsaoirse chun taisteal faoi shaoirse laistigh de a éascú, agus cosaint na gceart bunúsach agus na gcaighdeán slándála á n-áirithiú an tráth céanna.

Faoi chuimsiú na n-iarrachtaí limistéar Schengen a bheith ar an gcaighdeán tagartha ar fud an domhain i dtaobh taisteal rianúil, slán a éascú, tháinig na rialacha nua[16] lena rialaítear úsáid éifeachtúil a bheith á baint as faisnéis taistil ('réamhaisnéis faoi phaisinéirí') ag údaráis teorann agus údaráis forfheidhmithe dlí i bhfeidhm i mí Eanáir 2025. Is céim thábhachtach é sin i dtreo slándáil a mhéadú gan dochar a dhéanamh don eispéireas taistil, agus cosaint sonraí agus cearta príobháideachais á n-urramú an tráth céanna. In 2025, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún meastóireacht a sheoladh ar na rialacha lena rialaítear úsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí chun anailís a dhéanamh ar a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht.

Is príomhghné é digitiú na nósanna imeachta ag teorainn sheachtrach an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí slándála. I mí na Nollag 2024, thíolaic an Coimisiún togra lena gcuirtear tús de réir a chéile le hoibríochtaí **an Chórais Dul Isteach/Imeachta.** Leis an togra sin, cuirtear ar a gcumas do thíortha Schengen an Córas Dul Isteach/Imeachta a chur i bhfeidhm de réir a chéile ag a dteorainneacha seachtracha le linn tréimhse 6 mhí, agus ar an gcaoi sin solúbthacht agus uirlisí a sholáthar dóibh féin agus do eu-LISA chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh fós ann sula gcuirfear an córas i bhfeidhm go hiomlán. Iarrann an Coimisiún ar na comhreachtóirí caibidlíocht ghasta agus glacadh tapa an togra a áirithiú. Ní mór na hullmhúcháin chun an **Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil** a chur i bhfeidhm a thabhairt chun críche go pras toisc go bhfuil deacrachtaí ag roinnt tíortha Schengen i dtaobh na bearta is gá a chur chun feidhme.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle, agus ar údaráis na mBallstát agus ar eu-LISA, a áirithiú go mbeidh na nuálaíochtaí móra sin ag feidhmiú go hiomlán agus go leanfaidh siad an amlíne nua[17] a chomhaontaigh Comhairle Schengen i mí an Mhárta 2025.

---

15 Teachtaireacht 2024 ón gCoimisiún maidir le beartas an Aontais um méadú an 30.10.2024. COM(2024) 690 final.

16 Rialachán (AE) 2025/12 agus Rialachán (AE) 2025/13.

17 De réir na hamlíne athbhreithnithe, is de réir a chéile a chuirfear i bhfeidhm an Córas Dul Isteach/Imeachta, ag tosú i mí Dheireadh Fómhair 2025. Seolfar an Córas Eorpach um Thaisteal agus Údarú sa ráithe dheireanach de 2026.

Cé go gcuirfidh na córais sin go mór le slándáil agus éifeachtúlacht an taistil, tá an togra ón gCoimisiún maidir le **doiciméid taistil a dhigitiú**, a cuireadh i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2024[18], ina chuid de thiomantas fairsing i leith na nuálaíochta digití ar mhaithe le taistealaithe. Is é is aidhm don tionscnamh sin caighdeán coiteann a leagan síos le haghaidh doiciméid taistil dhigiteacha agus feidhmchlár móibíleach uile-Aontais a thabhairt isteach chun cuidiú le seiceálacha teorann a chuíchóiriú agus chun go mbeidh eispéireas taistil rianúil ann do gach taistealaí. Tá caibidlíocht ar bun le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun an uaillmhian sin a bhaint amach. Tá obair ar siúl freisin chun nósanna imeachta maidir le víosaí a nuachóiriú lena áirithiú go dtairbheoidh náisiúnaigh tríú tír de nós imeachta níos éifeachtúla agus níos sláine maidir le víosaí. Tar éis an togra ón gCoimisiún maidir le víosaí digiteacha, tugadh na nósanna imeachta reachtacha i gcrích nuair a glacadh iad in 2023. Tá na gníomhartha cur chun feidhme gaolmhara á n-athbhreithniú faoi láthair agus é ina aidhm tosú ag forbairt ardán an Aontais maidir le hiarratais ar víosaí in 2026 chun tús a chur le hoibriú an ardáin agus an víosa dhigiteach a thabhairt isteach in 2028.

Ós rud é go bhfuil athruithe sóisialta agus teicneolaíocha ag tarlú ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo – luas nach bhféadfaí a shamhlú nuair a bunaíodh Schengen ar dtús – ní mór limistéar Schengen a chur in oiriúint dó sin chun fanacht chun cinn. Beidh **teicneolaíochtaí agus réitigh dhigiteacha atá ag teacht chun cinn** ríthábhachtach chun bainistiú teorainneacha a athrú ó bhonn agus chun luathbhrath bagairtí a chumasú. Le hinfheistíochtaí i dtaighde agus forbairt le haghaidh teicneolaíochtaí i ndáil le bainistiú teorainneacha san Eoraip agus teicneolaíochtaí slándála amach anseo, ba cheart leanúint de limistéar Schengen a chosaint trí úsáid a bhaint as réitigh Eorpacha úrscothacha feasta. Chuige sin, ní mór comhpháirtíochtaí níos dlúithe a chothú, lena n-áirítear le tíortha comhlachaithe Schengen agus le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, amhail taighdeoirí, fiontraithe, cuideachtaí nuálacha nó eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta.Ní mór an obair sin a chomhlánú **le hullmhacht** mhéadaithe trí chórais luathbhraite bagairtí, trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil agus trí phrótacail freagartha fíor-ama a chur i bhfeidhm. Tá gá leis na bearta sin chun an bhagairt mhéadaitheach ó sháruithe cibearshlándála a bhainistiú, lena n-áirítear i ngníomhaireachtaí an Aontais agus i gcórais sonraí a bhaineann le teorainneacha.

### 3.3. Schengen a dhoimhniú chun dul in oiriúint don tírdhreach slándála atá ag athrú

An 1 Aibreán 2025, ghlac an Coimisiún **ProtectEU: Straitéis nua maidir le Slándáil Inmheánach don Eoraip**, ina leagtar amach an obair chun feabhas a chur ar ghaireas slándála an Aontais sna blianta amach romhainn agus chun ceisteanna slándála a phríomhshruthú i reachtaíocht, beartais agus cláir uile an Aontais. Ní mór iarrachtaí dá shamhail a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ós rud é gur léiríodh i meastóireachtaí Schengen 2024 go bhfuil bearna

[18] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear feidhmchlár chun sonraí taistil a chur isteach go leictreonach (an ‘feidhmchlár AE um shonraí taistil digiteacha’) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/399 agus (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le dintiúir taistil dhigiteacha a úsáid (COM/2024/670 final); Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le heisiúint dintiúr digiteach taistil bunaithe ar chártaí aitheantais (COM(2024) 671 final).

leanúnach sa chur chuige straitéiseach maidir leis an tslándáil inmheánach.Tá na húdaráis náisiúnta fós ag feidhmiú ar bhealach neamh-chomhtháite, tá bearta *ad hoc* á gcur chun feidhme agus níl cur chuige cuimsitheach Eorpach acu. Is bac é sin ar thíortha Schengen i dtaobh tosaíochtaí náisiúnta a shainaithint, pleanáil straitéiseach a dhéanamh i dtaobh cumas agus bearta trasteorann agus bearta comhlántacha a dhearadh ar gach leibhéal (náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil). Dá bhrí sin, chun an tslándáil inmheánach a ráthú i limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí, tá gá le cur chuige lena gcothaítear comhar níos doimhne agus níos struchtúrtha ar fud na n-údarás náisiúnta forfheidhmithe dlí agus ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le rialachas.

Mar a fógraíodh sa Straitéis Slándála Inmheánaí, chun tacú leis an bplé leis na Ballstáit sa Chomhairle maidir leis na dúshláin slándála inmheánaí atá ag teacht chun cinn agus chun plé a dhéanamh maidir le príomhthosaíochtaí beartais, forbróidh an Coimisiún anailísí tráthrialta ar bhagairtí i leith dhúshláin slándála inmheánaí an Aontais agus cuirfidh sé i láthair iad. Chun tacú leis an mórobair ar fheasacht staide fheabhsaithe, tá sé fíor-riachtanach go bhfeabhsódh na Ballstáit an chomhroinnt faisnéise leis an Acmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise (SIAC) agus go n-áiritheoidís comhroinnt faisnéise níos fearr le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin slándála atá ag teacht chun cinn ar bhealach níos comhordaithe, níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí, tá ríthábhacht ag baint le **comhar oibríochtúil trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí**. Leis na srianta leanúnacha dlíthiúla agus dlínse, a shainaithnítear i measúnú 2024 ón gCoimisiún ar na Moltaí ón gComhairle maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí[19], tá bac fós á chur ar chomhar oibríochtúil éifeachtach i measc údaráis forfheidhmithe dlí. Mar a fógraíodh sa Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach[20], beidh an Coimisiún ag obair chun Grúpa Ardleibhéil a bhunú maidir le todhchaí an chomhair oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí chun fís straitéiseach chomhroinnte a fhorbairt agus réitigh nithiúla a mholadh chun bearnaí dlíthiúla a líonadh, malartú faisnéise a fheabhsú, agus ardleibhéal slándála inmheánaí a áirithiú ar fud limistéar Schengen.

Ceann de na dúshláin atá roimh údaráis forfheidhmithe dlí is ea **rochtain dhleathach ar shonraí** a áirithiú. Tá sé fíor-thábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir an tslándáil agus an príobháideachas chun an tsaoirse agus an tsábháilteacht araon a chosaint. Ag tógáil ar na moltaí a ghlac an Grúpa Ardleibhéil um Rochtain ar Shonraí i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí i mí na Bealtaine 2024 agus mar a fógraíodh sa Straitéis Eorpach um Shlándáil Inmheánach, cuirfidh an Coimisiún i láthair sa chéad leath de 2025 treochlár ina leagfar amach na bearta dlíthiúla agus praiticiúla a bheartaíonn sé a dhéanamh chun rochtain dhleathach, éifeachtach ar shonraí a áirithiú.

Ar deireadh, is gá an creat dlíthiúil a thabhairt cothrom le dáta chun **smuigleáil inimirceach a chomhrac.** Áitíonn an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle bailchríoch

[19] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, measúnú ar an éifeacht a thug na Ballstáit do Mholadh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9.6.2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí. Doiciméad Inmheánach Oibre(2025) 36 final an 31.1.2025.

[20] COM(2025) 148 final.

a chur go pras ar an gcaibidlíocht chun neartú a dhéanamh ar ról Europol maidir le smuigleáil imirceach a chomhrac[21]. Idir an dá linn, leanfar leis an obair chun na huirlisí atá ar fáil cheana a uasghrádú. I mí Eanáir 2025, thacaigh an Coimisiún le seoladh líonra ghairmiúil imscrúdaitheoirí smuigleála imirceach ar líne, arna bhainistiú ag an Lárionad Eorpach um Smuigleáil Imirceach de chuid Europol agus ag Aonad Atreorúcháin ar Líne an Aontais. Beidh an líonra sin ina chúnamh maidir le cur isteach ar ghrúpaí coiriúla atá ag feidhmiú ar líne. Sa dara Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Smuigleáil Imirceach, déanfar measúnú ar an dul chun cinn agus cuirfear dlús le tuilleadh gníomhaíochta lena dtacaítear le neartú a dhéanamh ar obair an Chomhaontais Dhomhanda chun Dul i nGleic le Smuigleáil Imirceach.

Cuireadh tionscnaimh chomhchosúla chun feidhme mar fhreagairt **ar gháinneáil ar dhrugaí**, agus iad dírithe ar fheasacht a mhúscailt faoi na tosca is cúis leis an mbagairt sin atá ag dul i méid. Bhí an comhar idir páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha ríthábhachtach chun dul i ngleic le mí-úsáid an iompair tráchtála, mar a chuirtear chun cinn trí Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach. Cuirfidh an tionscnamh le Straitéis Calafort an Aontais atá ar na bacáin agus a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún í a ghlacadh in 2025, agus mar a fógraíodh sa tStraitéis Slándála Inmheánaí Eorpach, leathnófar é ionas go mbeidh calafoirt bheaga agus calafoirt intíre san áireamh leis.

## 4. Cnámh droma oibríochtúil Schengen: cur chun feidhme

Tá an rath a bheidh ar Schengen i ndáiríre ag brath go bunúsach ar an gcóras a bheith á chur chun feidhme go héifeachtach ag na mílte údarás atá ag feidhmiú ar an láthair, lena n-áirítear gníomhaireachtaí éagsúla de chuid an Aontais. Is trí ghníomhaíocht chomhsheasmhach, ardcháilíochta, chomhordaithe amháin is féidir gealltanais bheartais a chur i gcrích go praiticiúil. Tacaíonn gardaí teorann, oifigigh forfheidhmithe dlí agus údaráis inimirce le creat oibríochtúil Schengen agus tá an creat sin fíor-riachtanach chun sócmhainn straitéiseach a dhéanamh i ndáiríre d’fhís uaillmhianach Schengen. Léiríodh le gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin Schengen 2024 go bhfuil bearnaí leanúnacha áirithe fós i réimsí criticiúla de Schengen, cé go bhfuil a bhunsraitheanna fós láidir. Teastaíonn gníomhaíocht leantach spriocdhírithe ionas nach bhfágfaidh na heasnaimh sin go mbainfear an bonn de shláine agus de shlándáil fhoriomlán limistéar Schengen.

### 4.1. An ullmhacht a neartú i bhfad taobh amuigh dár dteorainneacha

Téann Schengen chun tairbhe go príomha do shaoránaigh na hEorpa agus do dhaoine a bhfuil cónaí orthu san Eoraip tríd an tsaoirse chun gluaiseacht ar fud limistéar Schengen gan rialuithe

[21] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol do choireanna den sórt sin a chosc agus a chomhrac, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 (COM/2023/754 final); Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha íosta maidir le héascú teacht isteach neamhúdaraithe, idirthurais neamhúdaraithe agus fanacht neamhúdaraithe san Aontas a chosc agus a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Threoir 2002/90/CE ón gComhairle agus Chinneadh Réime 2002/946 CGB ón gComhairle, (COM/2023/755 final).

teorann inmheánaí a éascú. Tá feidhm ag na tairbhí sin freisin i gcás na náisiúnach tríú tír uile atá ina gcónaí go dleathach i gcríoch tíre Schengen.

In 2024, ba mhó ná leathbhilliún líon iomlán na dtaistealaithe *bona fide* rialta – rud a chiallaíonn gur tháinig siad isteach le víosa Schengen nó go raibh siad incháilithe chun taisteal gan víosa[22]. I gcás gearrfhanachtaí, is féidir le náisiúnaigh tríú tír limistéar Schengen a rochtain **trí chóras aontaithe víosaí Schengen**, mura bhfuil siad incháilithe chun taisteal gan víosa[23]. Leis an gcóras sin, in éineacht leis an gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil atá le cur chun feidhme in 2026, áirithítear nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le rialú teorann, slándáil agus dul isteach le haghaidh gearrfhanachtaí ar fud thíortha uile Schengen, rud a fheabhsaíonn an chomhsheasmhacht agus an éifeachtúlacht maidir le bainistiú a dhéanamh ar shoghluaisteacht inmheánach agus ar dhul isteach sa limistéar agus imeacht as. Is é sin ár gcéad líne chosanta.

Leibhéal ard atá i gceist le cur chun feidhme na gcomhrialacha maidir le víosaí, mar a measadh i ngníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin Schengen 2024. Chuaigh roinnt tíortha Schengen i ngleic go pras le heasnaimh a bhaineann le héifeachtúlacht an tsreafa oibre ag consalachtaí a phróiseálann víosaí Schengen nó le heasnaimh a bhaineann lena gcóras TF chun víosaí a phróiseáil. Tá gá fós, áfach, le feabhsuithe áirithe sna tíortha a phróiseálann an líon is mó víosaí gearrfhanachta Schengen d'fhonn líon ard iarratas a bhainistiú go héifeachtach.

Aithníonn tíortha ar fud an domhain na tairbhí móra a bhaineann leis na cearta agus na saoirsí a ghabhann le Schengen, cearta agus saoirsí atá lárnach don nascacht dhomhanda agus don chomhar domhanda. Ní mór don Aontas leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn **ardchaighdeáin dhomhanda** maidir le bainistiú teorainneacha, comhar i bhforfheidhmiú an dlí agus malartú faisnéise, le cosaint láidir do chearta bunúsacha.

Amach anseo, agus muid ag cur leis an gcaidreamh le tíortha comhpháirtíochta inár gcomharsanacht agus níos faide i gcéin, ní mór gealltanas neamhbhalbh a thabhairt ár n-ardchaighdeáin agus ár luachanna comhroinnte a chomhlíonadh. Ní hamháin nach mór do thríú tíortha atá i dteideal rochtain gan víosa nó caidreamh pribhléideach Schengen leas a bhaint as na tairbhí, ach ní mór dóibh na gealltanais bhunúsacha sin a chomhlíonadh freisin. Chuige sin, tá gá le faireachán agus cuntasacht níos láidre. Le **straitéis nua víosaí** an Choimisiúin, atá le glacadh níos déanaí in 2025, féachfar ar ról an bheartais maidir le víosaí mar spreagadh don iomaíochas, mar mhodh giarála chun slándáil inmheánach an Aontais a fheabhsú agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le tríú tíortha, lena n-áirítear maidir le hathligean isteach.

---

[22] Baraiméadar Schengen+, Márta 2025.

[23] Tar éis measúnú cás ar chás a dhéanamh chun a chinneadh an gcomhlíonann tríú tíortha ardchaighdeáin Schengen, tá córas taistil gan víosa i bhfeidhm ag an Aontas faoi láthair le 61 thír nach Ballstáit den Aontas iad, le dhá réigiún riaracháin speisialta de chuid na Síne (Hong Cong agus Macao) agus le húdarás críochach amháin nach dtugann Ballstát amháin den Aontas ar a laghad aitheantas dó mar stát (an Téaváin). Faoin gcóras sin, is féidir le daoine nach saoránaigh den Aontas iad agus a bhfuil pas bithmhéadrach acu dul isteach i limistéar Schengen le haghaidh gearrfhanachtaí gan víosa a bheith ag teastáil uathu. Tá feidhm ag prionsabal na cómhalartachta víosaí lena gcuirtear ar a gcumas do shaoránaigh an Aontais taisteal chuig na tíortha sin nach Ballstáit den Aontas iad.

Breithneofar sa straitéis freisin bearta chun teacht na mac léinn, na dtaighdeoirí agus na n-oibrithe oilte is fearr ó thríú tíortha a éascú chun tacú le hAontas na Scileanna[24].

Ach comhtháthú agus lánpháirtiú níos fearr a chothú le **tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas,** beidh deis le tapú chun taithí a chomhroinnt agus bunluachanna agus caighdeáin a leathnú chuig ár gcomharsana. Le blianta beaga anuas, threisigh Frontex a thacaíocht do na tíortha is iarrthóirí. Tá comhaontuithe stádais caibidlithe ag an Aontas leis an Albáin, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, leis an Moldóiv, le Montainéagró, leis an Macadóin Thuaidh agus leis an tSeirbia[25]. In 2024, leathnaíodh láithreacht Frontex go dtí an teorainn idir Montainéagró agus an Albáin. Leis na comhaontuithe sin, leathnaítear líne chriticiúil bainistithe teorainneacha lasmuigh de theorainneacha seachtracha an Aontais féin, rud a chabhraíonn le haghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann sula dtagann siad chomh fada leis an Aontas.

In 2024, rinne tíortha is iarrthóirí bearta chun ailíniú le ceanglais Schengen, lena n-áirítear gníomhaíocht chun ardchaighdeáin bainistithe teorainneacha a chosaint, beartais maidir le víosaí a ailíniú, an choireacht eagraithe, an sceimhlitheoireacht agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, agus comhar a chothú maidir le forfheidhmiú an dlí. Le plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar[26], rinneadh dul chun cinn coincréiteach maidir le bainistiú imirce. Tá luaineacht fós i gceist leis an dul chun cinn, áfach, agus tá gá le tuilleadh gníomhaíochta maidir le hailíniú víosaí agus maidir le creat náisiúnta rialachais Schengen a fhorbairt. Tá céimeanna dearfacha déanta ag Montainéagró agus ag an tSeirbia chun plean gníomhaíochta Schengen a bhunú. Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar gach tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas. Déanfar na húdaráis san tíortha is iarrthóirí a chomhtháthú de réir a chéile i ngníomhaíochtaí a bhaineann le Schengen, lena n-áirítear iad a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna agus faireacháin.

Gné eile den mhéadú is ea ullmhú do dhúshláin gheopholaitiúla nua maidir le bainistiú teorainneacha agus bagairtí slándála. Tabharfaidh an Coimisiún tús áite don obair sin ina athbhreithniú beartais, agus é ag díriú ar chóras dinimiciúil a thógáil atá lánfheistithe chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar chumraíochtaí amach anseo.

Féachann **tíortha comhpháirtíochta** lena naisc leis na Ballstáit i limistéar Schengen a dhoimhniú agus é ina aidhm acu caidreamh pribhléideach a chothú maidir le bainistiú teorainneacha agus slándáil, lena mbainfidh tairbhí nithiúla dá saoránaigh agus teagmháil níos dlúithe idir daoine trí thaisteal *bona fide* agus imirce dhleathach a éascú. Tá Frontex i mbun caibidlíochta faoi láthair maidir le socruithe oibre le beagnach 20 tríú tír[27], rud a d'fhéadfadh

---

24 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hAontas na Scileanna. COM(2025) 90 final an 5 Márta 2025.

25 Cé go bhfuil an comhaontú stádais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin á thabhairt chun críche, síníodh na comhaontuithe leis an Albáin, leis an Moldóiv, le Montainéagró, leis an Macadóin Thuaidh agus leis an tSeirbia agus tá oibríochtaí comhpháirteacha ar siúl faoi láthair.

26 Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar – an Coimisiún Eorpach..

27 An Albáin, an Airméin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Cabo Verde, Ceanada, an Chosaiv, an Ghaimbia, an Iordáin, an Liobáin, an Mháratáin, an Mholdóiv, Montainéagró, Maracó, an Mhacadóin Thuaidh, an Nigéir, an Nígir, SAM, an tSeineagáil, an tSeirbia, agus an Úcráin.

comhroinnt faisnéise trí EUROSUR agus socruithe anailíse riosca a chumhdach. Chun slándáil limistéar Schengen a neartú a thuilleadh, tá Europol agus Ballstáit an Aontais tar éis dlús a chur leis an obair le blianta beaga anuas chun feabhas a chur ar tharchur agus próiseáil faisnéise ó thríú tíortha tábhachtacha[28]. Áirithítear leis an gcur chuige sin go ndéantar sonraí ábhartha, go háirithe maidir le daoine a bhfuil amhras ann gur sceimhlitheoirí iad, a phróiseáil agus a chomhroinnt go héifeachtúil chun cabhrú le bagairtí slándála ag teorainneacha seachtracha an Aontais a bhrath agus a chosc.

Is díol sásaimh don Choimisiún é gur cuireadh bailchríoch rathúil ar an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontuithe idir an tAontas agus an Íoslainn agus an Iorua, faoi seach, lena gcumhdaítear úsáid sonraí as an taifead ainmneacha paisinéirí. Ní cuid fhoirmiúil de chreat dlíthiúil Schengen iad na rialacha, ach a luaithe a thiocfaidh siad i bhfeidhm, cuirfidh siad ar a gcumas do na tíortha Schengen sin sonraí den chineál sin a aistriú agus a phróiseáil, rud a chuirfidh feabhas mór ar chumas limistéar Schengen an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thromchúiseach a chomhrac.

**Timthriall Schengen 2025-2026: comhordú níos dlúithe maidir le gníomhaíocht sheachtrach Schengen**

Tá ról criticiúil ag gné dhomhanda Schengen freisin maidir le cur i gcoinne **na mbeart díchobhsaithe** a úsáidtear ar fud an domhain, go háirithe i gcásanna a bhfuil iomaíocht gheopholaitiúil i gceist leo, amhail na bearta a úsáideann an Rúis. Le creat Schengen, cuirtear ar a chumas don Aontas gníomhú ar bhonn comhchoiteann, mar shampla trí bhearta a dhéanamh faoin sásra lena gcuirtear víosaí ar fionraí agus trí acmhainní a chomhthiomsú, go háirithe acmhainní ghníomhaireachtaí an Aontais, chun bagairtí criticiúla a chomhrac. An tráth céanna, is féidir leis an Aontas gealltanas a thabhairt maidir le cur chuige comhordaithe i leith tríú tíortha, lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta lena n-údaraítear dul isteach i limistéar Schengen[29].

In 2024, rinne an Coimisiún anailís ar chur chun feidhme na dtreoirlínte a eisíodh an 30 Meán Fómhair 2022 maidir le heisiúint ghinearálta víosaí d'iarratasóirí Rúiseacha. Léirítear sa mheasúnú gur fhág an ghníomhaíocht chomhpháirteach gur tháinig laghdú foriomlán, rud atá tábhachtach, ar líon na víosaí Schengen a eisíodh do náisiúnaigh Rúiseacha, ó níos mó ná 4 mhilliún víosa in 2019 go 0.5 milliún in 2023. Tá cleachtais

[28] Mar shampla, i mí an Mhárta 2025 shínigh an tAontas agus an Bhrasaíl comhaontú lena neartaítear an chomhpháirtíocht idir Europol agus lucht forfheidhmithe dhlí na Brasaíle, rud a fhágann gur féidir faisnéis oibríochtúil a mhalartú.


[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún 1. lena nuashonraítear treoirlínte maidir le heisiúint ghinearálta víosaí i ndáil le hiarratasóirí Rúiseacha tar éis Chinneadh (AE) 2022/1500 ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2022 maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na Rúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Chónaidhm na Rúise a chur ar fionraí go hiomlán; agus 2. Lena soláthraítear treoirlínte maidir le rialuithe a dhéantar ar shaoránaigh Rúiseacha ag na teorainneacha seachtracha (C(2022) 7111 final).

éagsúla fós ann i measc thíortha Schengen, áfach, rud a d'fhéadfadh slándáil an Aontais a chur i mbaol. Eisíonn roinnt tíortha líon ard víosaí turasóireachta fós do náisiúnaigh Rúiseacha, rud a bhaineann an bonn de na hiarrachtaí comhchoiteanna chun an tslándáil a neartú. Dá bhrí sin, tá sé fíor-riachtanach tús áite a thabhairt do chur chun feidhme comhsheasmhach na gníomhaíochta comhordaithe maidir le tríú tíortha ar fud thíortha Schengen, mar a pléadh ag Comhairle Schengen i mí an Mhárta 2025.

### 4.2. Slándáil neartaithe do dhaoine trí bhainistiú láidir teorainneacha agus filleadh níos éifeachtaí

Is cloch choirnéil é **bainistiú comhtháite teorainneacha ardcháilíochta san Eoraip** i dtaobh rath a bheith ar limistéar Schengen. In 2024, ba amhlaidh arís go raibh limistéar Schengen ar an gceann scríbe ba mhó ar tugadh cuairt air ar domhan, agus rinneadh 40 % den taisteal idirnáisiúnta domhanda ag a theorainneacha seachtracha. Rinneadh an líon mór paisinéirí sin a bhainistiú go héifeachtach tríd an obair laethúil a rinne os cionn 120 000 pearsanra de chuid an gharda teorann agus cósta Eorpaigh, cé go bhfágann an t-ualach oibre trom go mbíonn dúshláin mhóra le sárú ag na húdaráis.

An tráth céanna, spreag coinbhleachtaí geopholaitiúla agus slándála sreabha imirce, rud a d'fhág go raibh bainistiú theorainn sheachtrach Schengen ní ba chasta fós, lena n-áirítear bearta chun an imirce a úsáid mar uirlis troda chun críoch pholaitiúil. Mar thoradh ar iarrachtaí treisithe an Aontais, mar shampla trí chomhpháirtíochtaí neartaithe le tríú tíortha, tháinig **laghdú** mór ar líon na gcásanna inar trasnaíodh teorainn ar bhealach neamhrialta. Braitheadh thart ar 240 000 cás dá leithéid in 2024, an leibhéal is ísle ó bhí 2021 ann[30].




*Cásanna inar trasnaíodh teorainn go neamhrialta isteach san Aontas (Frontex)*

Chomh maith leis an tsaincheist maidir le sreabhadh ard paisinéirí, lena n-áirítear iad siúd atá ag iarraidh dul timpeall ar choinníollacha iontrála, tá teorainneacha seachtracha an Aontais neamhchosanta **ar bhagairtí slándála** atá ag dul i méid agus i gcastacht. De dheasca foréigean leanúnach sa tSaiheil, tá easáitiú á spreagadh agus tá deis réidh á cothú do ghrúpaí sceimhlitheoireachta chun a líonraí a neartú, agus d'fhéadfadh amhais Rúiseacha an fáinne fí foréigin a ghéarú agus iarrachtaí earcaíochta na jiohádach a éascú.[31] Ar an gcaoi chéanna, bíonn

[30] Sonraí Frontex (14.1.2025). Irregular border crossings into EU drop sharply in 2024.
[31] Anailís Frontex ar riosca straitéiseach 2024. Strategic_Risk_Analysis_2024_Report.pdf

tionchar cuilitheach ag géarchéimeanna réigiúnacha lasmuigh den Aontas, rud a thugann spreagadh úr do ghníomhaithe sceimhlitheoireachta ar fud an speictrim idé-eolaíoch ar fad earcaíocht a dhéanamh, a líonra a ghríosú nó a n-acmhainneachtaí a mhéadú.[32]. Cé go ndealraíonn sé faoi láthair gur bagairtí áitiúla nó réigiúnacha iad na cinn sin, ní mór a bheith san airdeall go fóill ag na teorainneacha seachtracha chun a chosc go bhfillfidh trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta ar an Aontas agus chun riosca na sceimhlitheoireachta a mhaolú. Tá teorainneacha seachtracha fós leochaileach i leith smuigleáil earraí aindleathacha amhail drugaí agus airm thine, rud a d'fhéadfadh an choireacht eagraithe a spreagadh.

Is freagracht chomhroinnte atá ar thíortha Schengen agus ar an Aontas é teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú. I gcomhréir lena shainordú, leanann **Frontex** de thacaíocht ríthábhachtach a sholáthar i leith bainistiú teorainneacha agus tá níos mó ná 2 600 oifigeach buanchóir agus sócmhainní teicniúla imscartha aige i Stáit Schengen agus i dtríú tíortha. In 2024, thosaigh Frontex ar a choincheap oibríochtúil agus a struchtúr ceannais nua a chur i bhfeidhm, lena n-áiritheofar gur féidir le himscaradh freagairt ar bhealach níos tapa agus níos solúbtha don staid oibríochtúil. Ag tógáil dó ar an dul chun cinn mór a rinneadh le blianta beaga anuas agus chun freastal ar na riachtanais leanúnacha, beidh an Coimisiún ag obair chun an Ghníomhaireacht a neartú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí úrscothacha a sholáthar di maidir le faireachas agus feasacht staide. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh tíortha Schengen de bheith ag rannchuidiú in am trátha leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, go háirithe ó thaobh foirne agus sócmhainní de. Ina theannta sin, chun slándáil teorann a fheabhsú a thuilleadh agus comhar an Aontais a neartú i bhfianaise bagairtí atá ag teacht chun cinn, molfaidh an Coimisiún an bhliain seo chugainn Frontex a threisiú.

Chomh maith lena áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag Frontex chun tacú le hoibríochtaí comhpháirteacha ar an láthair, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh tíortha Schengen dlús lena n-iarrachtaí, ós rud é go bhfuil bearnaí móra fós ann maidir le cleachtais bainistithe teorainneacha a chur chun feidhme.

Déanann na bearnaí cur chun feidhme sin difear **do sheiceálacha teorann** go háirithe. Léirítear i meastóireachtaí Schengen go bhfuil easnaimh ag beagnach leath de thíortha uile Schengen maidir le hacmhainní daonna, oiliúint, nósanna imeachta seiceála teorann a chur chun feidhme agus saincheisteanna teicniúla a dhéanann difear d'fheidhmiúlacht trealaimh TF, go háirithe agus Córas Faisnéise Schengen á úsáid. Is bearna shlándála do limistéar Schengen é na heasnaimh sin a bheith fós ann agus, dá bhrí sin, beidh an Coimisiún ag obair le tíortha Schengen chun scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an easpa dul chun cinn. Tuairisceoidh an Coimisiún ar an dul chun cinn ina leith sin do Chomhairle Schengen le linn thimthriall Schengen 2025-2026.


Maidir le **faireachas teorainneacha**, tá easnaimh mhóra ann de bharr roinnt tíortha Schengen atá neamhchosanta ar bhagairtí slándála méadaithe mar gheall ar an riosca ard i dtaobh gáinneáil ar dhrugaí ó thríú tíortha agus mar gheall ar imirce mhéadaithe. Is don fhaireachas ar na teorainneacha muirí a dhéanann na leochaileachtaí sin difear go príomha. Le bliain anuas,

[32] COM(2025) 148 final.

leithdháil an tAontas cistí breise dar luach EUR 378 milliún, faoin Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, chun tacú le tíortha Schengen a mbonneagar agus a gcumas ó thaobh faireachas ar theorainneacha a neartú. Iarrann an Coimisiún ar thíortha Schengen dlús a chur leis an ngníomhaíocht lena áirithiú go ndíreofar cistí ar na réimsí lena ngabhann na riachtanais is práinní agus chun úsáid na teicneolaíochta atá ar fáil a bharrfheabhsú.

Chun bainistiú níos éifeachtaí a dhéanamh ar na teorainneacha seachtracha, ní mór bearta éifeachtacha a dhéanamh freisin chun daoine nach bhfuil aon cheart dlíthiúil acu fanacht sna Ballstáit **a fhilleadh**. Ní mór do thaistealaithe a théann isteach i limistéar Schengen le haghaidh fanachta, bíodh an fanacht sin gearr nó fada, na ceanglais slándála uile a chomhlíonadh agus a bheith dícheallach ó thaobh chomhlíonadh an cheanglais maidir le himeacht as limistéar Schengen laistigh den tréimhse ama a leagtar síos. Mura ndéanfaidh siad amhlaidh, tá rialacha íosta coiteanna ag limistéar Schengen lena rialaítear daoine nach bhfuil aon cheart fanachta acu a fhilleadh, lena n-áirítear daoine a théann timpeall ar nósanna imeachta um theacht isteach dlíthiúil. A luaithe a bheidh an Córas Dul Isteach/Imeachta i bhfeidhm, fágfaidh sé go mbeidh feabhas ar an bhforfheidhmiú trí fheabhas a chur ar bhrath daoine a fhanann níos faide ná mar a cheadaítear lena víosa, ós rud é gur sciar nach beag iad de na taistealaithe nach bhfuil aon cheart fanachta acu agus ar cheart dóibh filleadh.

In 2024, tháinig méadú beagnach 12 % ar an líon fillteacha éifeachtacha i gcomparáid le 2023, agus rinneadh beagnach 123 400 filleadh, ar tharla cuid mhaith acu mar gheall ar an méadú nach beag ar thacaíocht ó Frontex. Sa bhliain sin, thug Frontex cúnamh do thíortha Schengen maidir le níos mó ná 56 000 duine a fhilleadh, méadú 43 % ar an mbliain roimhe sin. Lean fillteacha deonacha de bheith ag méadú freisin, agus d’ardaigh siad ó 54 % in 2023 go 64 % de na fillteacha in 2024.




D’ainneoin na treochta dearfaí sin, dúshlán mór go fóill is ea **éifeachtacht na gcóras náisiúnta um fhilleadh** ar fud limistéar Schengen, agus ní dhéantar filleadh éifeachtach ach i gcás duine amháin as gach cúigear a gceanglaítear orthu filleadh. Tá ar a laghad leath de thíortha Schengen fós ag dul i ngleic le deacrachtaí tromchúiseacha maidir le filleadh a dhéanamh, deacrachtaí atá le sonrú go háirithe i gcás tíortha a bhfuil líon níos airde cásanna fillte acu.

Trí úsáid a bhaint as foláirimh choiteanna **i gCóras Faisnéise Schengen** le haghaidh náisiúnaigh tríú tír ar ceanglaíodh orthu limistéar Schengen a fhágáil, rannchuidíodh le filleadh

níos éifeachtaí, agus rinneadh feabhsuithe nach beag ar chomhordú agus ar chomhroinnt faisnéise. Is tearc an úsáid a bhaintear as an gcóras fós mar uirlis chomhpháirteach chun daoine a shainaithint agus chun tacú le hiarrachtaí um fhilleadh, áfach, ós rud é, i gcás roinnt tíortha Schengen, go bhfuil líon na bhfoláireamh maidir le filleadh a cruthaíodh 60 % faoi bhun líon na gcinntí um fhilleadh a eisíodh. Fágann sé sin go bhféadfadh sé go bhfuil fillithe ann a d'éalaigh, ach níl aon fhaisnéis sa chóras lena áirithiú go bhfillfear iad. Thairis sin, in 2024, níor chuir roinnt tíortha Schengen méarloirg san áireamh in aon fholáireamh maidir le filleadh, agus theip ar go leor acu doiciméid aitheantais agus grianghraif a chur san áireamh, fiú nuair a bhí siad ar fáil. Chuige sin, tá gá le gníomhaíocht phráinneach ar an leibhéal náisiúnta.

Chun dul i ngleic leis na dúshláin shonracha i dtaobh náisiúnaigh tríú tír a bhfuil bagairt slándála ag baint leo, sholáthair Comhordaitheoir an Aontais um Fhilleadh treoir i ndáil le húsáid a bhaint as foláirimh maidir le filleadh faoi Chóras Faisnéise Schengen agus 'an bhratach shlándála', agus leas á bhaint as cleachtais na mBallstát.

**Meastóireacht théamach 2024 ar mhaithe le filleadh níos éifeachtaí**

Chun tacú leis an gcóras Eorpach um fhilleadh, rinne an Coimisiún meastóireacht théamach Schengen ar éifeachtacht an chórais um fhilleadh. Sainaithníodh inti an dul chun cinn atá déanta maidir le córais náisiúnta um fhilleadh a fhorbairt ach léiríodh inti freisin go bhfuil an cás casta, agus go bhfuil creataí agus nósanna imeachta dlíthiúla náisiúnta éagsúla ar fud thíortha Schengen, rud a fhágann go bhfuil éifeachtacht fhoriomlán an Aontais níos laige.

Sainaithníodh **trí phríomh-shaincheist** sa mheastóireacht. Ar an gcéad dul síos, toisc nach ann d'anailís riosca chun luaineachtaí sa líon cásanna maidir le filleadh a thuar, ní féidir le húdaráis náisiúnta bearta ullmhachta a dhéanamh, lena n-áirítear pleanáil chomhtháite acmhainní, go háirithe le haghaidh pleanáil theagmhasach. Ar an dara dul síos, tá dúshláin roimh thíortha Schengen maidir le próiseas rianúil um fhilleadh a áirithiú mar gheall ar neamhéifeachtúlachtaí ag príomhchéimeanna lena n-áirítear an córas achomharc, sainaithint éifeachtach réamhfhillte agus faireachán leordhóthanach ar chomhlíonadh oibleagáide um fhilleadh. Ar an tríú dul síos, ní mór feabhas a chur ar an gcur chun feidhme oibríochtúil a dhéanann na húdaráis náisiúnta uile ar na foláireamh maidir le filleadh laistigh de Chóras Faisnéise Schengen, chun cinnteoireacht níos éifeachtaí a bhaint amach faoi nósanna imeachta um fhilleadh.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, is féidir le tíortha Schengen leas a bhaint as raon leathan **dea-chleachtas** a sainaithníodh. Mar shampla, tá timthriallta comhtháite pleanála agus rialaithe curtha i bhfeidhm ag roinnt tíortha (an Iorua, an Ísiltír) do na húdaráis uile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas um fhilleadh, lena gcumasaítear comhordú tráthrialta agus lena n-áirithítear leithdháileadh barrmhaith acmhainní. Ina theannta sin, tá sé léirithe gur tairbhiúil an rud é úsáid a bhaint as uirlisí bainistithe cásanna TF lena gcumasaítear malartú faisnéise fíor-ama idir údaráis éagsúla (an Eastóin, an Iorua, an Ísiltír, an Ostair). Baineann an tábhacht chéanna le cleachtais lena dtugtar tús áite do chomhairleoireacht maidir le filleadh mar chéim lárnach i ngach nós imeachta um

fhilleadh, agus iad in oiriúint do riachtanais shonracha na bhfillithe (an Bhulgáir, an Iorua, an Ísiltír, an Ostair), rud ar féidir leis feabhas nach beag a chur ar éifeachtacht fhoriomlán an fhillte.

Ní rogha é an *status quo* a thuilleadh. Dá bhrí sin, tá creat dlíthiúil nua maidir le filleadh molta ag an gCoimisiún[33] agus iarrann sé ar na comhreachtóirí dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an gcaibidlíocht. Is mithid dul níos faide ná réitigh ilroinnte agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le cinntí a chéile a aithint agus a fhorfheidhmiú, mar aon leis na hacmhainní náisiúnta agus Eorpacha is gá a chomhthiomsú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe do chách, agus aitheantas á thabhairt do láidreachtaí a chéile maidir le rannchuidiú le leas ginearálta na hEorpa. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú agus go gcuirfear i bhfeidhm an creat reachtach nua maidir le filleadh, iarrann an Coimisiún ar thíortha Schengen na moltaí a eisíodh sa mheastóireacht théamach a chur chun feidhme gan mhoill chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na creataí atá ann cheana agus chun torthaí níos fearr agus níos tapa a bhaint amach.

### 4.3. Ardleibhéal gníomhaíochta comhordaithe laistigh de limistéar Schengen

Is réamhriachtanas bunúsach le haghaidh ullmhachta é ardleibhéal feasachta staide, go háirithe ag na teorainneacha seachtracha, i dtírdhreach slándála atá ag síorathrú. Faoi chreat an Aontais tá uirlisí láidre ar fáil cheana le haghaidh **feasacht staide agus anailís riosca**, amhail EUROSUR, atá ceaptha chun feabhas a chur ar bhainistiú teorainneacha seachtracha trí fhaisnéis a chomhtháthú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear íomhánna satailíte, córais faisnéise agus feidhmchláir thuairiscithe chun feasacht a fheabhsú ag teorainneacha an Aontais. Tá easnaimh mhóra fós le sárú ag 50 % de thíortha Schengen, áfach, easnaimh a bhaineann go minic le heaspa pearsanra oilte agus le comhar idirghníomhaireachta neamhleor, rud a fhágann go laghdaítear acmhainneacht na n-uirlisí sin. Chun dul i ngleic leis na heasnaimh a sainaithníodh agus chun treoir phraiticiúil a sholáthar do thíortha Schengen agus do Frontex maidir le cur chun feidhme agus bainistiú EUROSUR, ghlac an Coimisiún Moladh i mí Eanáir 2025 lena mbunaítear Lámhleabhar EUROSUR[34].

I dTimthriall Schengen 2025-2026, is gá cur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh cheana agus fanacht chun tosaigh ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn trí thuiscint shoiléir a choinneáil ar fhorbairtí ar an láthair. Chuige sin, ní mór an leas is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí atá ar fáil amhail EUROSUR, agus cur chuige anailíseach níos láidre agus níos comhtháite a chur chun feidhme, le rannpháirtíocht ghníomhach ghníomhaireachtaí an Aontais.

Tá **malartú tapa, éifeachtach faisnéise** idir údaráis forfheidhmithe dlí fós ar cheann de na huirlisí is cumhachtaí chun an choireacht a chosc agus a chomhrac. Faoi dheireadh 2024, ceanglaíodh ar thíortha Schengen uile rialacha nua na Treorach maidir le Malartú Faisnéise a

33 COM/2025/101 final.

34 Moladh ón gCoimisiún an 17.1.2025 lena mbunaítear an lámhleabhar praiticiúil le haghaidh chur chun feidhme agus bainistiú EUROSUR ('Lámhleabhar EUROSUR'), C(2025) 117 final.

thrasuí[35] ina gcórais náisiúnta chun cumarsáid rianúil, chomhordaithe a áirithiú. Tá aon tír déag Schengen nár thug fógra fós faoi thrasuí na Treorach sin[36] agus tá seacht dtír Schengen nár thug fógra ach faoi thrasuí páirteach. Tá roinnt tíortha nár bhunaigh go fóill pointe teagmhála aonair feidhmiúil atá nasctha le córas idir-inoibritheach bainistithe cásanna. Fágann na moilleanna sin go bhfuil gach duine i mbaol. Tá géarghá ann go gcuirfidh gach tír chun críche an cur chun feidhme dlíthiúil agus teicniúil ionas gur féidir le húdaráis forfheidhmithe dlí faisnéis a mhalartú go tapa.

Is amhlaidh go fóill nach bhfuil leas iomlán á bhaint as na feidhmiúlachtaí feabhsaithe atá ag córais TF ar mórscála, go háirithe **Córas Faisnéise Schengen,** maidir leis an tslándáil a fheabhsú. Ina theannta sin, tá dúshláin fós roimh roinnt tíortha Schengen maidir le feidhmiúlachtaí criticiúla a chur chun feidhme ag an teorainn sheachtrach, amhail cuardaigh méarlorg agus an **Córas Faisnéise Víosaí** á úsáid acu. Fágann na deacrachtaí sin, ar easpa acmhainní leordhóthanacha is cúis leo den chuid is mó, gur an-tearc an úsáid a bhaintear as na huirlisí sin agus go bhfuil bearnaí criticiúla slándála fós ann. Gan infheistíochtaí spriocdhírithe agus gealltanas daingean i dtaobh Córas Faisnéise Schengen agus an Córas Faisnéise Víosaí a oibríochtú go hiomlán, ní thapófar fós an deis chun leas a bhaint as an acmhainneacht atá acu feidhmiú mar cholún slándála láidir iontaofa.

In éineacht le malartú faisnéise rianúil a bhaint amach, agus chun ár mbearta maidir le teorainneacha seachtracha a chomhlánú, tá gá le **comhar struchtúrtha, éifeachtach maidir le forfheidhmiú oibríochtúil trasteorann an dlí.**

Leis an bplé a rinne Comhordaitheoir Schengen i dTimthriall Schengen 2023-2024 chomh maith le cuairteanna meastóireachta Schengen a tugadh le déanaí ar roinnt tíortha Schengen (an Chróit, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir), cuireadh i dtábhacht go bhfuil feabhas nach beag tagtha le bliain anuas ar an gcomhar trasteorann, go háirithe sna limistéir réigiúnacha agus na limistéir theorann. In 2024, rinneadh athnuachan ar roinnt comhaontuithe déthaobhacha agus iltaobhacha chun cuidiú leis na húdaráis na haidhmeanna comhair sin a chur i ngníomh ar an láthair, lena n-áirítear forálacha maidir le cumhachtaí póilíneachta agus cumhachtaí poiblí eile a fheidhmiú i réigiúin teorann, amhail dá bhforáiltear i gCód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe.

Le bliain anuas, díríodh níos mó agus níos mó ar uirlisí níos straitéisí a chur chun feidhme lena nglactar 'cur chuige an bhealaigh iomláin', rud a bhfuil níos mó i gceist leis ná aghaidh a thabhairt ar rioscaí láithreacha a thagann chun cinn ag na réigiúin teorann inmheánaí, chun dul i ngleic leis na bagairtí ag na teorainneacha seachtracha. In 2024, neartaíodh a thuilleadh tionscnamh réigiúnach Schengen idir an Bhulgáir, an Ghréig, an Ostair, an Rómáin, an Ungáir agus an tSlóvaic. Áirítear leis anois bearta ag an teorainn idir an Bhulgáir agus an Tuirc chun

[35] Treoir (AE) 2023/977 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle. IO L 134, 22.5.2023, lgh. 1-24.

[36] An 31.1.2025, thionscain an Coimisiún nósanna imeachta um shárú trí litir fógra fhoirmiúil a sheoladh chuig 18 mBallstát (an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Chipir, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, agus an tSlóivéin).

bagairtí a chosc ar bhealach níos éifeachtaí sula sroichfidh siad limistéar Schengen. Ar an gcaoi chéanna, tá an Chróit, an Iodáil agus an tSlóivéin chun patróil chomhpháirteacha a chur chun feidhme feadh a dteorann leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, rud a chuirfidh feabhas ar an gcomhar réigiúnach.

Deimhnítear leis na forbairtí dearfacha sin acmhainneacht Mholadh (AE) 2022/915 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí[37] agus na moltaí ón gCoimisiún an 23 Samhain 2023 maidir le bearta malartacha in ionad rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha[38]. Tá go leor cleachtais nua forbartha i gcomhpháirt ag tíortha Schengen, lena n-áirítear stáisiúin phóilíneachta chomhpháirteacha agus anailísí riosca comhpháirteacha trasteorann tráthrialta chun oibríochtaí comhpháirteacha a oiriúnú ar bhealach níos fearr. Ina theannta sin, tá an nós imeachta aistrithe a tugadh isteach le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe[39] á chur i bhfeidhm ag roinnt tíortha, nós imeachta arb é is aidhm dó aistriú díreach imirceach neamhrialta ag na teorainneacha inmheánacha a éascú, agus tá socruithe ar bun lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go praiticiúil é. Iarrann an Coimisiún ar thíortha Schengen a bheith ag obair i ndlúthpháirt lena gcomharsana, go háirithe i gcás inar athbhunaíodh rialuithe feadh na teorann inmheánaí, chun tionscnaimh nua chomhair a fhorbairt agus chun a chur ar a gcumas do thaistealaithe teorainneacha inmheánacha a thrasnú go rianúil.

An tráth céanna, tá acmhainneacht neamhshaothraithe fós ann maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí toisc go bhfuil éagsúlacht mhór idir cineálacha cur chuige náisiúnta agus nach ar bhealach straitéiseach i gcónaí a dhéantar iad a mheas agus a chur chun feidhme. Cé gur forbraíodh tionscnaimh agus cleachtais nua, ní dhéantar iad sin a mhacasamhlú go haonfhoirmeach ar fud limistéar Schengen agus i mórán cásanna ní mheastar iad a bheith ina gcuid de mhórfhoireann uirlisí slándála Schengen. Is ann do leas coiteann i ndáil le hiarrachtaí náisiúnta a neartú agus giaráil iomlán a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le comhar níos dlúithe. Cuideoidh sé sin freisin le haghaidh a thabhairt ar shuaitheadh ag na teorainneacha inmheánacha agus le feidhmiú ceart trasnuithe teorann feadh an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) a áirithiú.

Deimhníodh i meastóireachtaí Schengen in 2024 go bhfuil go leor tíortha Schengen nach bhfuil an creat dlíthiúil acu fós chun comhar éifeachtach trasteorann a chur chun feidhme, ós rud é go bhfuil roinnt comhaontuithe fós as dáta. Tá bacainní oibríochtúla i roinnt tíortha freisin, amhail teorainneacha i dtaobh faireachán soghluaiste leordhóthanach a dhéanamh nó teorainneacha dlíthiúla ar na póilíní i dtaobh sonraí paisinéirí a fháil ó oibreoirí farantóireachta. Is é an toradh a bhí orthu sin, i gcásanna áirithe, go ndearnadh rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, cé go bhféadfaí na torthaí céanna a bhaint amach, ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla go minic, ach leas a bhaint as cumhachtaí póilíneachta náisiúnta.

37 IO L 158, 13.6.2022, lgh. 53-64.

38 Moladh ón gCoimisiún an 23.11.2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí. IO L, 2024/268, 17.01.2024.

39 Rialachán (AE) 2024/1717 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha, (IO L, 2024/1717, 20.6.2024).

Tá práinn ar leith ag baint le bearta feabhais do thíortha Schengen a thug fógra faoi rialuithe a athbhunú ag na teorainneacha inmheánacha, ós rud é gur maolú iad ar na prionsabail is bonn le comhar Schengen. I mí Aibreáin 2025, bhí **deich dtír Schengen** ann a rinne **rialuithe teorann inmheánaí** a athbhunú nó a leathnú.

An 10 Iúil 2024, tháinig Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe' i bhfeidhm. Tá creat nuashonraithe ansin chun rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú, le spriocdhátaí níos soiléire agus oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe níos déine ar thíortha Schengen agus ar an gCoimisiún. Meastar gurb é teacht i bhfeidhm Chód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe tús an chreata dhlíthiúil nua, rud a chiallaíonn go ríomhfar spriocdhátaí agus oibleagáidí faoin gCód nua ó thráth an chéad fhógra ó tháinig sé i bhfeidhm. Tá teimpléid glactha ag an gCoimisiún le haghaidh na bhfógraí agus na dtuarascálacha atá le cur isteach ag na Ballstáit agus rialú teorann inmheánaí á athbhunú acu.

Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar ghníomhaíochtaí thíortha Schengen, agus tá sé i mbun idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit uile lena mbaineann chun aon bhearnaí nó neamhréireachtaí maidir le cur i bhfeidhm na rialacha nua a shainaithint, lena n-áirítear cleachtais aistrithe ag na teorainneacha inmheánacha. Is é is cuspóir do na measúnuithe leanúnacha a áirithiú go mbeidh aon bheart a chuirfear chun feidhme comhréireach agus riachtanach araon; agus, ar an dara dul síos, a ráthú go mbeidh fógraí maidir le rialuithe teorann inmheánaí a athbhunú teoranta go docht d'fhíorchásanna a bhfuil údar cuí leo, go háirithe i gcásanna nach ndéantar leis na bearta atá i gceist ach iarrachtaí an comhar póilíneachta a threisiú.

Is díol sásaimh don Choimisiún é an méadú atá tagtha ar an gcomhar oibríochtúil, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, agus tá tuilleadh tionscnamh á gcothú aige, amhail cumhachtaí póilíneachta a fheidhmiú i limistéir theorann, ar uirlisí cumhachtacha iad chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní dhlisteanacha na mBallstát maidir leis an imirce agus leis an tslándáil. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do sheasamh le prionsabail na saorghluaiseachta agus na slándála ar fud limistéar Schengen agus déanfaidh sé obair leantach de réir mar is gá i dtimthriall Schengen atá ag teacht aníos, lena n-áirítear tuairimí a eisiúint mar a leagtar amach i gCód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe.

## 5. Tosaíochtaí i dTimthriall Schengen 2025-2026

Ba ar éigean a d'fhéadfaí a shamhlú cé na tairbhí a bhaineann daoine san Aontas as limistéar Schengen nuair a shínigh na cúig Bhallstát bhunaidh Comhaontú Schengen 40 bliain ó shin. Le himeacht ama, tá forbairt tagtha ar Schengen ionas gur córas láidir, cuimsitheach é, lena ndéantar teorainneacha seachtracha, slándáil agus imirce a bhainistiú go héifeachtach ar bhealach comhordaithe agus lánurraim á tabhairt do luachanna Eorpacha agus do chearta bunúsacha.

Chun na héachtaí sin a choinneáil ar bun agus chun cur leo, ní mór aird leanúnach a thabhairt ar limistéar Schengen agus a bheith tiomanta dó. Daichead bliain tar éis bhunú Schengen, tá sé fíor-riachtanach a aithint go bhfuil athrú tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus ar an gcomhthéacs slándála, agus na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh bunchloch

Schengen athléimneach go leor chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo. Agus próiseas méadaithe an Aontais ar siúl faoi láthair, is tosaíocht é sin don Choimisiún.

I **dtimthriall Schengen 2025-2026**, is gá gníomhaíocht a neartú ar fud trí phríomhréimse. Ar an gcéad dul síos, tá sé fíor-riachtanach **an creat rialachais** a neartú chun **comhordú beartais** a fheabhsú. Leis sin, cothaítear deiseanna móra chun cur chuige níos struchtúrtha a ghlacadh, agus tús áite á thabhairt do chur chun feidhme éifeachtach, do fhreagracht chomhroinnte agus do chuntasacht shoiléir ar gach leibhéal.

<u>Tosaíocht 1: an creat rialachais a dhaingniú</u>, ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas agus d'fhonn cur chuige níos struchtúrtha a chur chun feidhme, a bheidh dírithe ar chur chun feidhme, ar fhreagracht chomhroinnte agus ar chuntasacht. Cé go bhfuil an faireachán teicniúil tábhachtach i gcónaí, ní leor é agus, dá bhrí sin, tá gá le rialachas polaitiúil a neartú chun dlús a chur leis an dul chun cinn nithiúil.

- Ar **leibhéal an Aontais**, chuige sin, ní mór creat struchtúrtha a bhunú chun obair leantach a dhéanamh maidir le tosaíochtaí, lena n-áirítear maoirseacht pholaitiúil níos fearr. Beidh an Coimisiún ag obair i ndlúthpháirt le hUachtaránachtaí na Comhairle agus le tíortha Schengen sa réimse sin.
- Ar an **leibhéal náisiúnta**, ní mór do thíortha Schengen córais rialachais náisiúnta éifeachtacha a fhorbairt a thuilleadh, lena ndéantar comhordú inmheánach níos láidre ar gach ábhar a bhaineann le Schengen. Ní mór do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas córais rialachais náisiúnta den sórt sin a fhorbairt roimh an aontachas chun ullmhú le dul isteach i limistéar Schengen.

Ar an dara dul síos, tá gá le cur chuige struchtúrtha, comhleanúnach maidir leis **an tslándáil**, lena n-éilítear comhar póilíneachta níos dlúithe. I bhfianaise na srianta leanúnacha dlíthiúla agus oibríochtúla, beidh gá le tuilleadh oibre a dhéanamh ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta chun dlús a chur leis an gcomhar i measc na n-údarás forfheidhmithe dlí. Ní mór cur chuige cuimsitheach lena gcumhdaítear raon iomlán na mbagairtí slándála a bheith ina cholún lárnach de chóras Schengen.

<u>Tosaíocht 2: cur chuige struchtúrtha, comhleanúnach i leith an chomhair póilíneachta</u> chun leas a bhaint as acmhainneacht an Mholta ón gComhairle maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí agus Chód Teorainneacha Schengen, agus dul i dtreo tionscnaimh réigiúnacha comhair lena gcuirtear cur chuige an bhealaigh iomláin i bhfeidhm.

- Ar **leibhéal an Aontais**, tá gá le hobair leantach maidir le príomhchonclúid mheasúnú an Choimisiúin ar na moltaí a bhaineann le comhar póilíneachta, ina luaitear 'go bhfágann dúshláin leanúnacha dhlíthiúla, theicniúla agus oibríochtúla go gcuirtear i dtábhacht teorainneacha na moltaí neamhcheangailteacha atá ann faoi láthair'. Cuirfear tús le plé straitéiseach ar leibhéal an Aontais chun fís chomhroinnte a fhorbairt.

- Ar an **leibhéal náisiúnta**, ní mór do thíortha Schengen athmheasúnú a dhéanamh ar scor de thionscnaimh chomhair i bhfianaise ghné níos leithne na mbagairtí, a théann níos faide ná na comharsana is gaire dóibh agus a éilíonn freagairt chomhordaithe ar dhúshláin feadh an bhealaigh ar fad. Chuige sin, is gá gach uirlis um chomhar trasteorann a úsáid, lena n-áirítear sna réigiúin teorann inmheánaí, i gcomhréir le Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe. Leanfaidh Comhordaitheoir Schengen de thacaíocht a thabhairt don obair ar mhaithe le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear trí chomhar níos dlúithe a fhorbairt le húdaráis forfheidhmithe dlí ó thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas.

Ar an tríú dul síos, ní mór dlús a chur leis na hiarrachtaí chun gealltanais **an digitithe** a chomhlíonadh agus tá garspriocanna tábhachtacha le baint amach sna míonna amach romhainn lena áirithiú go mbeidh an Córas Dul Isteach/Imeachta agus an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil ar an mbóthar ceart chun an amlíne nua a chomhlíonadh. Tá sé fíor-riachtanach aon mhoill bhreise a sheachaint toisc go n-eascródh costais mhóra as sin, lena n-áirítear leochaileacht slándála a sheasfadh ar feadh i bhfad, neamhéifeachtúlachtaí maidir le bainistiú teorainneacha agus cailliúint deiseanna chun nósanna imeachta imirce a chuíchóiriú.

Tosaíocht 3: dlús a chur le digitiú nósanna imeachta agus córas chun cur leis an tslándáil agus an éifeachtúlacht ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus laistigh den limistéar nach bhfuil rialuithe teorann inmheánaí i bhfeidhm ann.

- Ar **leibhéal an Aontais**, chuige sin, ní mór faireachán láidir polaitiúil a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na hamlíne athbhreithnithe. An tráth céanna, ní mór leanúint den phlé straitéiseach maidir leis an mórchreat digitithe chun dul i ngleic le bearnaí slándála agus éifeachtúlachta, lena n-áirítear maidir le slándáil doiciméad, bainistiú imirce agus filleadh.
- Ar an **leibhéal náisiúnta**, ba cheart do thíortha Schengen úsáid níos fearr a bhaint as na huirlisí atá ann cheana, go háirithe Córas Faisnéise Schengen agus an Córas Faisnéise Víosaí. Ní mór do thíortha Schengen an trealamh, na próisis agus na córais a chur i bhfeidhm chun gur féidir an creat idir-inoibritheachta a chur i bhfeidhm go tráthúil agus go héifeachtach, go háirithe an Córas Dul Isteach/Imeachta, an Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, Eurodac agus an Córas Faisnéise Víosaí.

Iarrann an Coimisiún ar Chomhairle Schengen na tosaíochtaí sin a fhormhuiniú ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici i mí an Mheithimh 2025. Ba cheart na tosaíochtaí agus na breithnithe a chuirtear chun cinn sa timthriall nua Schengen seo a bheith mar bhonn freisin d'idirphlé polaitiúil méadaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon, lena n-áirítear i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle araon.